Polasaí do Chlár caidrimh Baile, Scoile, & Pobail

Breathnaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an gclár seo (HSCL) mar achmhainn a dhírítear ar theaghlaigh imeallacha an Aacheantair scoile.

Ráiteas Misean:
Is é an sprioc atá ag an gClár Caidrimh Baile, Scoile & Pobail ná an comhcheangal idir scoil, baile agus eagrais phobail áirithe a *chothú*, a *neartú* agus a *chur chun cinn*. Cuireann an clár le dul chun cinn oideachasúil an scoláire. Tá sé dírithe ar thuismitheoirí na scoile ach go háirithe orthu siúd atá i mbaol titim amach as an gcóras oideachais gan a gcumas a bheith bainte amach acu.

Aidhmeanna an chláir:
Is é bunaidhm an chlair ná *comhpháirtíocht* a chruthú agus a bhuanú idir an scoil, an baile agus an pobal –rud a rachas chun tairbhe do na scoláirí. Is *clár tacaíochta* é atá dírithe ar na daoine fásta i saol an duine óg- idir thuismitheoirí/mhúinteoirí/oibrithe pobail srl.
Is iad dhá phríomh sprioc an chláir ná:

- An tuismitheoir a *fhorbairt* agus a *chumasú* mar phríomh oideachasóir laistigh den chomhthéacs Baile agus Pobail.
- *Tacú* le bainistíocht agus le múinteoirí na scoile timpeallacht taitneamhach a chothú sa scoil, áit gur féidir leis an duine óg a chumas iomlán a bhaint amach.

Ról an Chomhordaitheora:

Seo leanas réimsí oibre an chomhordaitheora:

- *Cuairteanna Baile:* Tugann an comhordaitheoir cuairt ar theaghlaigh imeallacha an cheantair agus orthu siúd a dteastaíonn tacaíocht uathu ina ról mar thuismitheoir. Cabhraíonn sé seo le nasc níos láidre a chruthú idir an baile agus an scoil, agus le h-aon dúshlán nó deacracht a shárú chomh luath agus is féidir.
- *Cruinnithe:*Bíonn cruinnithe rialta leis an bPríomhoide, an múinteoir gairmthreorach/comhairleach, an múinteoir tacaíocht foghlama, an múinteoir achmhainní, múinteoirí bliana/ranga chun aon eolas cuí a roinnt lena chéile.(faoi rún agus le cead an tuismitheora). Bíonn cruinnithe leis na múinteoirí eile atá ag obair mar HSCL sa cheantar go rialta chun tacaíocht a thabhairt dá chéile agus eolas a roinnt. Is chun barr feabhais a chur ar imeachtaí na scéime a tharlaíonn na cruinnithe seo.

- *Cúrsaí do thuismitheoirí*: Eagraítear cúrsaí éagsúla do thuismitheoirí idir chúrsaí acadúla, cúrsaí siamsaíochta agus ceardlanna a bhfuil suim ag tuismitheoirí iontu. Tugann na cúrsaí seo muinín don tuismitheoir, láidríonn sé an nasc idir an scoil agus an baile agus téann sé chun tairbhe an duine óig.

- *Pléan DEIS*: Cabhraíonn an comhordaitheoir le foireann na scoile Pléan Ghnímh DEIS a chur le chéile.

- *Clár Críochniú Scoile*; Coinníonn an comhordaitheoir súil ar dhul chun cinn scoláirí an spriocghrúpa ach go háirithe chun a chinntiú chomh fada agus is féidir go bhfuil freastal á dhéanamh orthu sa chóras.

- *Coiste Áitiúil Oideachais*: Is é an sprioc atá ag an gcoiste áitiúil ná ábhar atá bainteach leis an scoil a aithint ag leibhéal an phobail áitiúil. Tugtar le chéile Príomhoidí, Oibrithe Pobail,

Altra pobail, múinteoirí, scoláirí chun breathnú ar bhealaigh ar féidir cabhrú le daoine óga sa chóras oideachais.

- *Eagraíochtaí Aitiúla*: Oibríonn an comhordaitheoir le heagrais áitiúla, stáit, agus deonacha chun tacú le tuismitheoirí agus scoláirí.

- *Cúrsaí Inseirbhisí*: Freastalaíonn an comhordaitheoir ar chúrsaí inseirbhísí nuair a chuirtear ar fáil iad.

Pleanáil, Monatóireacht agus cur i bhfeidhm an Chláir:

Tarlaíonn pleanáil, monatóireacht, agus measúnú ar an gclár go rialta.

Is í Máire Uí Mhurchú atá ag obair mar theagmhálaí baile, scoile pobail don scoilbhliain 2017/2018. Is ar an luan amháin a bhíonn sí sa scoil.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2019/20 nó níos tuisce más gá.

Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste na bPiarsach, Ros Muc ar an

.....

Sinithe.....
(Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta)